



**NCCA**

An Chomhairle Náisiúnta  
Curacláim agus Measúnachta  
National Council for  
Curriculum and Assessment

# Tuarascáil Chomhairliúcháin maidir leis an Dréachtsonraíocht d'Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) na Sraithe Sinsearaí

Meitheamh 2024

# Clár Ábhar

<b>RÉAMHRÁ</b> .....	1
<b>CUID A HAON: AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN</b> .....	2
Cur chuige modheolaíoch .....	2
Freagraí an chomhairliúcháin .....	3
Ag cur an chomhairliúcháin chun cinn.....	4
<b>CUID A DÓ: TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN</b> .....	5
Aiseolas uileghabhálach .....	5
Ar cheart do OSPS na Sraithe Sinsearaí a bheith éigeantach?.....	6
OSPS na Sraithe Sinsearaí mar chuid de chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí .....	7
Aidhm agus réasúnaíocht.....	7
Gnéithe trasghearrtha agus torthaí foghlama .....	8
Measúnú .....	13
<b>CUID A TRÍ: RÉIMSÍ AISEOLAIS EILE</b> .....	15
<b>CONCLÚID AGUS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE</b> .....	17
<b>AGUISÍN A: EAGRAÍOCHTAÍ A RAIBH IONADAÍOCHT ACU AG IMEACHT COMHAIRLIÚCHÁIN</b> .....	18
<b>AGUISÍN B: EAGRAÍOCHTAÍ A CHUIR ISTEACH AIGHNEACHTAÍ I SCRÍBHINN</b> ..	20
<b>AGUISÍN C: DAOINE AONAIR A CHUIR AIGHNEACHTAÍ I SCRÍBHINN ISTEACH AGUS AR MHIAN LEO A BHEITH LUAITE</b> .....	22

---

## Réamhrá

---

Sa Tuarascáil maidir leis an athbhreithniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna (2019) leagadh béim ar an ngá atá ann le curaclam an Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte (OSPS) a nuashonrú. Sainaithníodh go sonrach ann an tábhacht a bhain le fréamhú athfhorbairtí curaclaim i gcur chuige a bheadh scoláire-láraithe, iomlánaíoch, ionchuimsitheach, aoisoiriúnach agus oiriúnach don staid forbartha.

Ba le hobair ar OSPS na sraithe sóisearaí a cuireadh tús leis an nuashonrú curaclaim seo, agus thug scoileanna sonraíocht nuashonraithe isteach le haghaidh OSPS na sraithe sóisearaí i Meán Fómhair na bliana 2023.

Foilsíodh dréachtsonraíocht do OSPS na sraithe sinsearaí ar an 12 Iúil 2023 le haghaidh comhairliúchán poiblí agus mhair an comhairliúchán go dtí an 3 Samhain 2023. Dearadh an tsonraíocht seo le go mbeidh 60 uair an chloig d'fhoghlaim in OSPS a mbeidh rochtain ag gach scoláire uirthi sa dá bhliain dheireanacha de chlár na sraithe sinsearaí.

Dearadh curaclam nuashonraithe do OSPS na Sraithe Sinsearaí, chun tacaíocht a thabhairt do scoláirí tuilleadh forbartha a dhéanamh ó thaobh an eolais, na scileanna, an mheoin, agus na luachanna atá de dhíth chun daoine óga fásta atá folláin, freagrach agus comhbhách a dhéanamh díobh agus chun tacú leo agus a mbealach á dhéanamh trí eispéiris an tsaoil anois agus i ndiaidh na scoile.

Tugann an tuarascáil seo ar an gcomhairliúchán léargas ar an bpróiseas comhairliúcháin, agus ina dhiaidh sin, achoimre ar an aiseolas a fuarthas, agus tuairisc ar cad é mar a rinne sé seo eolas a dhéanamh don obair chun curaclam OSPS na sraithe sinsearaí a thabhairt chun críche.

## Cuid a hAon: An Próiseas Comhairliúcháin

---

Is príomhghné de chuid obair CNCM é an comhairliúchán, ina n-imríonn an t-aiseolas ó scoileanna, ó chomhpháirtithe oideachais, ó pháirtithe leasmhara eile agus ón bpobal i gcoitinne tionchar ar an gcomhairle. Tugtar léargas ginearálta sa chuid seo ar an gcur chuige modheolaíoch a úsáideadh sa chomhairliúchán seo. Cé go mbaineann beartas agus cleachtas, seachas béim theoiriciúil, le comhairliúchán, murab ionann agus taighde, tá na prionsabail a leagtar amach i Straitéis Taighde CNCM (2023) mar bhunús leis an gcur chuige modheolaíoch a dtugtar breac-chuntas air sa chuid seo. Sa chuid seo a leanas, tá breac-chuntas ar an gcur chuige a úsáideadh agus tugtar achoimre ann ar an rannpháirtíocht le linn an chomhairliúcháin.

### Cur chuige modheolaíoch

Bhí an iliomad modhanna rannpháirtíochta i gceist leis an gcomhairliúchán ar dhréachtsonraíocht OSPS na Sraithe Sinsearaí i gcaitheamh an phróisis comhairliúcháin sé seachtaine déag:

- Suirbhéanna ar líne
- Aighneachtaí scríofa
- Fócasghrúpaí na dtuismitheoirí
- Grúpaí fócais múinteoirí
- Grúpaí fócais scoláirí
- Fócasghrúpa ina raibh ceannairí scoile
- Fócasghrúpa ina raibh cigirí OSPS agus cigirí ón Roinn Oideachais
- Fócasghrúpa ina raibh Feidhmeannach Aontas Daltaí Iar-bhunscoile na hÉireann (ADIÉ)
- Imeacht comhairliúcháin páirtithe leasmhara in éineacht le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí a oibríonn go díreach in OSPS nó a bhfuil ardinniúlacht acu ar ghné ar leith a bhaineann le OSPS.

Baineadh leas as cur chuige na samplála féinroghnaithe don suirbhé ar líne, do na haighneachtaí scríofa, agus do na seisiúin fócasghrúpa. Lorgaíodh, trí ghlaos oscailte, léirithe spéise chun tacú leis an ngné den chomhairliúchán a bhaineann le guth an scoláire agus rannpháirtíocht an mhúinteora, agus scaipeadh é chuig gach iar-bhunscoil. Ag eascairt as seo, roghnaíodh sampla ionadaíoch de dheich gcinn de scoileanna trí úsáid a bhaint as critéir a bhaineann le stádas DEIS, inscne, méid na scoile, agus cén cineál scoile í.

Bhí plé an fhócasghrúpa bunaithe ar cheisteanna leathstruchtúrtha. Úsáideadh sraith de cheisteanna oscailte réamshocráithe chun iniúchadh a dhéanamh ar dhearcadh na rannpháirtithe maidir le sprioc, réasúnaíocht, an fhoghlaim mholta, agus moltaí le haghaidh measúnaithe. Spreag an t-éascaitheoir na rannpháirtithe le ceisteanna nó saincheisteanna eile a bhí tábhachtach dóibh a tharraingt anuas agus iad ábhartha do OSPS. Bhí duine in éineacht leis an éascaitheoir chun nótaí a ghlacadh agus rinne siad tuairisc scríofa ar an bplé i gcás gach fócasghrúpa agus cuairt scoile. Rinneadh an t-aiseolas a bailíodh trí na fócasghrúpaí agus cuairteanna scoile a anaithnídiú agus a chur i dtoll a chéile, agus coinnítear na taifid ar fad mar chomhaid dhigiteacha de réir Bheartas Cosanta Sonraí CNCM (2020). Coinníodh príobháideacht na rannpháirtithe ar fad tríd

an anaithnidiú, ach amháin sa chás gur thug eagraíocht nó duine aonair cead soiléir go ainmneofar iad mar rannpháirtithe sa chomhairliúchán.

Úsáideadh próiseas den chineál céanna nuair a bhí an t-imeacht comhairliúcháin páirtithe leasmhara á chur ar siúl (Féach Aguisín A).

D'éascaigh an suirbhé ar líne agus na haighneachtaí scríofa aiseolas a bhailiú ó shampla ionadaíoch leathan de fhreagróirí. Rinneadh trí suirbhé éagsúla – ceann amháin do thuismitheoirí, ceann do mhúinteoirí agus ceann eile do scoláirí - agus bhí rochtain orthu ó thús an chomhairliúcháin i mí Iúil. Chomh maith le haiseolas a chur ar fáil ó shampla ionadaíoch leathan, bhí freagraí an tsuirbhé ina chuidiú maidir le ceisteanna agus saincheisteanna a shainnithint go luath sa phróiseas comhairliúcháin, agus d'fhéadfaí iad a scagadh i gcéim níos déanaí den chomhairliúchán.

D'éascaigh cruinnithe a raibh daoine i láthair iontu go pearsanta, agus a tharla i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair go príomha, plé níos forleithne agus scrúdú luachmhar ar na ceisteanna a bhí le breithniú.

## Freagraí an chomhairliúcháin

Fuarthas freagraí ar an suirbhé ar líne ó 642 scoláire, 216 múinteoir agus 2,187 thuismitheoir. Chomh maith leis sin, fuarthas aighneachtaí scríofa ó 56 eagraíocht/gníomhaireacht agus ó 111 duine aonair.

Ba léir éagsúlacht tuairimí a bheith ann maidir leis na freagraí ar an suirbhé ó thuismitheoirí aonair agus na haighneachtaí scríofa ó ghrúpaí thuismitheoirí agus daoine aonair, agus ba sna modhanna aiseolais seo a cuireadh na dearccháin ba cháintí faoin tsonraíocht in iúl. Sa chomhthéacs seo, tharraing freagróirí ar shuirbhé na dtuismitheoirí anuas réimse d'ábhair imní a chuir in iúl nár mhaith leo go ndéileálfai le OSPS, ina iomláine ná topaicí sonracha, ar scoil. Ina lán cásanna, ba iad na pointí ceannann céanna a bhí á dtarraingt anuas ó thaobh bunábhair agus foclaíochta de araon. Is díol suntais é freisin, gur fhreagraí dearfacha a fuarthas de ghnáth i suirbhé a rinne Comhairle Náisiúnta na dtuismitheoirí le 645 thuismitheoirí, suirbhé a roinneadh leis an CNCM trí aighneacht i scríbhinn.

Bhí deis ann mionphlé a dhéanamh faoin tsonraíocht sna fócasghrúpaí agus i gcruinnithe eile a raibh daoine i láthair iontu go pearsanta. Níor tháinig an réimse céanna d'aiseolas cáinteach chun cinn sna cruinnithe comhairliúcháin aghaidh ar aghaidh.

Reáchtáladh cruinnithe fócasghrúpa i ndeich scoil. Laistigh de gach scoil, reáchtáladh cruinnithe ar leith ina raibh idir 7-12 scoláire ón 6ú Bliain agus ina raibh idir 2-3 mhúinteoir a raibh taithí acu le déanaí ar theagasc OSPS na Sraithe Sinsearaí nó Oideachas Sóisialta na hArdteistiméireachta Feidhmí. Taobh amuigh den deich suíomh scoile, bhí dhá chruinniú fócasghrúpa bhreise ann le múinteoirí OSPS agus a bhí cúig chruinniú fócasghrúpa ann le thuismitheoirí (agus iad eagraithe le cuidiú ó cheannairí scoile). San iomlán, ghlac 99 scoláire, 48 múinteoir, 15 cheannaire scoile agus 43 thuismitheoir páirt sna seisiúin fócasghrúpa. Ghlac 68 ionadaí breise ó 40 eagraíocht/gníomhaireacht, a oibríonn go díreach in OSPS nó a bhfuil ardinniúlacht acu i ngné sonracha atá ábhartha do OSPS, páirt in imeacht comhairliúcháin comhstádais ar an 2 Deireadh Fómhair agus chuir seachtar cigirí OSPS de chuid na Roinne Oideachas aiseolas ar fáil i gcruinniú

fócasghrúpa ar líne. Tá achoimre déanta ar an aiseolas ó na cruinnithe seo i gCodanna 2 agus 3 den tuarascáil seo.

**Tábla 1: Achoimre ar rannpháirtithe an chomhairliúcháin**

Uirlis chomhairliúcháin	Rannpháirtithe	Líon
Fócasghrúpaí	Scoláirí na sraithe sinsearaí (10 ngrúpa scoile)	89
	Múinteoirí OSPS (12 fhócasghrúpa)	48
	Ceannairí scoile (fócasghrúpa amháin)	15
	Tuismitheoirí (5 ghrúpa – an Mhí, Luimneach, Ciarraí agus Baile Átha Cliath x 2)	43
Cruinnithe chomhairliúcháin déthaobhacha	Aontas Daltaí Iar-bhunscoile na hÉireann (ISSU)	10
	Cigirí OSPS na Roinne Oideachais	7
Cruinnithe chomhairliúcháin comhstádais	Páirtithe leasmhara OSPS ó 40 gníomhaireacht agus eagraíocht	68
Aighneachtaí scríofa	Eagraíochtaí	56
	Daoine aonair	111
Suirbhé ar líne	Daoine a chuir in iúl gur tuismitheoirí iad	2,187
	Daoine a chuir in iúl gur múinteoirí iad	216
	<i>Chuir 111 díobh siúd in iúl gur múinteoirí OSPS iad</i>	
	Daoine a chuir in iúl gur scoláirí iad	642

## Ag cur an chomhairliúcháin chun cinn

Chinntigh úsáid réimse leathan modhanna chomhairliúcháin, mar aon le tréimhse sínte ama don chomhairliúchán go raibh deiseanna iomadúla ann le go dtiocfadh le daoine páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán, dá mba mhian leo. Scaipeadh eolas faoi dheiseanna chun páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán ar roinnt bhealaí: tríd an suíomh idirlín [ncca.ie](http://ncca.ie), an nuachtlitir [info@ncca](mailto:info@ncca), fógraí ar ardáin na meán sóisialta, teachtaireachtaí a sheol comhpháirtithe chuig a mbaill, eolas trí na meáin chlóite, raidió agus teilifís, agus r-phost ón Roinn Oideachais a chuir ina luí ar gach scoil naisc don chomhairliúchán a roinnt lena líonraí agus le tuismitheoirí, scoláirí agus múinteoirí.

## Cuid a Dó: Torthaí an chomhairliúcháin

---

Sa chuid seo tá léargas ar an aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin. Fuarthas réimse leathan dearthaí agus aiseolas ón líon mór daoine a ghlac páirt ann agus ó mhéid mór modhanna freagraí. Go ginearálta, bhí meon an-dearfach ann i leith dhréachtsonraíocht OSPS na Sraithe Sinsearaí. Thar na cruinnithe comhairliúcháin aghaidh ar aghaidh, agus sa chuid is mó de na haighneachtaí ó ghníomhaireachtaí agus eagraíochtaí, measadh an dréachtsonraíocht a bheith de dhíth, ábhartha, agus aoisoiriúnach le haghaidh scoláirí 16-18 bliain d'aois.

*Tá an tsonraíocht seo ailínithe le taighde agus riachtanais na scoláirí – agus í freagrúil agus tráthúil. (Cruinniú páirtithe leasmhara)*

*Ní féidir le gach páiste na comhráite seo a bheith acu sa bhaile agus tá sé tábhachtach na saincheisteanna seo a tharraingt anuas i dtimpeallacht atá sábháilte. (Fócasghrúpa na dtuismitheoirí)*

*Tá gach rud atá anseo agus breis ag teastáil! (Fócasghrúpa na múinteoirí)*

Os a choinne sin, cuireadh aiseolas cáinteach láidir in iúl i gcuid de na freagraí ó shuirbhé na dtuismitheoirí agus sa chuid is mó den 111 aighneacht scríofa ó dhaoine aonair. Bhí cuid den cháineadh agus den ábhar imní céanna le sonrú agus a bhí san aiseolas le linn an chomhairliúcháin ar an tsonraíocht nuashonraithe do OSPS na Sraithe Sóisearaí, agus le linn an chomhairliúcháin ar an gCáipéis Eolais agus Treoir don athfhorbairt ar OSPS na Sraithe Sinsearaí.

*Tá an curaclam ag cur isteach ar cheart an tuismitheora a bheith mar phríomhoideoir dá pháiste. (Aighneacht scríofa ó dhuine aonair)*

*Níor cheart do mhúinteoirí a bheith ag caint faoin ngnéas le scoláirí faoi aois. (Aighneacht scríofa ó dhuine aonair)*

*Bain OSPS mar ábhar le gur féidir le daoine óga díriú ar croí-ábhair amhail Mata agus an Béarla. (Aighneacht scríofa ó dhuine aonair)*

Cuirtear aiseolas mionsonraithe i láthair ar na leathanaigh seo a leanas.

### Aiseolas uileghabhálach

Chuir formhór na scoláirí, formhór na múinteoirí, formhór na dtuismitheoirí agus formhór na bpáirtithe leasmhara eile a ghlac páirt sna pléití faoin gcomhairliúchán, chuir siad fáilte roimh dhréachtsonraíocht OSPS na Sraithe Sinsearaí agus le linn dóibh amhlaidh a dhéanamh is minic gur luaigh siad na cúiseanna seo a leanas:

- Déanann an tsonraíocht leanúnachas a sholáthar agus cuireann sí, ar bhonn éifeachtach, leis an bhfoghlaim a bhfuil taithí ag an scoláire uirthi taobh istigh de shonraíocht nuashonraithe OSPS na Sraithe Sóisearaí.
- Tugann an tsonraíocht aghaidh ar bhearna i soláthar curaclaim reatha na Sraithe Sinsearaí agus ar an bhfoghlaim atá de dhíth ar scoláirí i mblianta na Sraithe Sinsearaí.

- Tá tábhacht agus luach ag baint le OSPS na Sraithe Sinsearaí do dhaoine óga, don lá atá inniu ann agus don todhchaí: tugann sé tacaíocht dóibh chun cúraimí an tsaoil atá acu anois a bhainistiú agus chun a bheith ag déileáil go cothrom leo agus tugann sé tacaíocht dóibh freisin chun eolas, scileanna agus nósanna a fhorbairt don saol i ndiaidh na scoile.
- Tá tábhacht leis na luachanna atá mar bhonn faoin bhfoghlaim, go háirithe an fócas ar chaidrimh mheasúla, comhionannas, comhbhá agus dáimh.

Ar na gnéithe eile uileghabhálach den dréachtsonraíocht ar cuireadh fáilte rompu go forleathan bhí an sprioc, an réasúnaíocht, na gnéithe leithne agus an chuid a leagann amach na saintréithe a bhaineann le teagasc agus foghlaim éifeachtach san OSPS.

## Ar cheart do OSPS na Sraithe Sinsearaí a bheith éigeantach?

De ghnáth níor thagair freagróirí ar an suirbhé ar líne do stádas molta éigeantach churaclam OSPS na Sraithe Sinsearaí, seachas líon beag freagróirí a luaigh (trí freagraí ar líne) go mbeadh siad ag feidhmiú a gcirt a bpáiste a tharraingt siar ó OSPS, fad agus a chuir freagróirí eile a mhalairt de thuairim in iúl, is é sin, go bhfuil tábhacht leis an bhfoghlaim seo do gach scoláire. Rinneadh plé ar stádas OSPS taobh istigh den chuid is mó de na fócasghrúpaí agus cruinnithe eile, áfach, áit ar chuir rannpháirtithe in iúl gur thacaigh siad go láidir le OSPS na Sraithe Sinsearaí a bheith éigeantach. Cibé ábhair inní a tarraingíodh anuas bhain siad go príomha le soláthar múinteoirí a bhfuil an oiliúint chuí orthu agus ceisteanna maidir le socrú amchláir agus acmhainní teagaisc.

*Is é OSPS an rang is tábhachtaí. Níl a fhios agam cén fáth nach gcuirtear níos mó béime ar OSPS. Caithfear é a theagasc don 5ú agus 6ú bliain go léir. (Fócasghrúpa na scoláirí)*

*Ní thabharfar tosaíocht dó gan é a bheith éigeantach. (Múinteoir – fócasghrúpa)*

Is féidir na cúiseanna a thug daoine ar mian leo go dtabharfar OSPS isteach ar bhonn éigeantach a mhíniú mar seo:

- Tá spás tiomnaithe ar leith de dhíth ar an aos óg sa tsraith shinsearach le go bhféadfaidh siad plé a dhéanamh ar na deiseanna agus dúshlán faoi leith a bhaineann leis an tráth seo dá saol, lena n-áirítear cinnteoireacht i gcaidrimh, straitéisí agus tacaíochtaí a fhorbairt chun a bheith ag déileáil le tréimhsí dúshlánacha agus a bheith ag foghlaim an bealach le níos mó freagrachta a ghlacadh as a sláinte agus folláine. Cuireann OSPS spás sábháilte ar fáil inar féidir le daoine óga ceisteanna atá tábhachtach dóibh a phlé lena bpiaraí ar bhealach atá tuisceanach agus bunaithe ar eolas.
- Féadann na blianta deireanacha d'oideachas iar-bhunscoile a bheith strusmhar (déanta na fírinne, dúirt a lán scoláirí go bhféadann an scoil féin a bheith ina hábhar struis). Tá spás de dhíth ar scoláirí le seasamh siar ó ábhair scrúdaithe agus is sa chomhthéacs seo, a d'aontaigh múinteoirí agus scoláirí, a chúitíonn OSPS 'na hábhair strusmhara' agus cuireann sé rang ar fáil inar féidir le gach scoláire páirt a ghlacadh ann ar bhonn cothrom ó thaobh plé agus foghlama de.



- Tá an fhoghlaim in OSPS na Sraithe Sinsearaí tábhachtach do gach duine óg anois agus sa todhchaí.

*Le linn bhlianta strusmhara na hArdteiste bíonn sé maith rang a bheith agat inar féidir leat do scíth a ligean rud beag agus sos a ghlacadh ó strus na hArdteiste. (Suirbhé le scoláirí)*

*Sílím go bhfuil sé tábhachtach go mbíonn rang ag scoláirí atá tiomanta do dhaoine a bheith ag coinneáil slán agus dearfach, chomh maith lena bheith ag cuidiú leo a n-ualach oibre agus freagrachtaí a bhainistiú. (Suirbhé le scoláirí)*

*Caithfear glacadh leis mar ábhar mar is ceart ... tá sé chomh tábhachtach... Tá taithí ag gach duine ar na ceisteanna seo, agus caithfidh muid foghlaim faoin mbealach le déileáil leo. (Fócasghrúpa na scoláirí)*

*Sílím gur ábhar iontach é agus go bhfuil sé faoi ghannionadaíocht. Clúdaíonn sé méid OLLMHÓR réimsí atá ríthábhachtach d'fhorbairt ár ndaoine óga agus ní bhíonn go leor ama aige ar amchlár na scoileanna (Suirbhé le tuismitheoirí)*

## OSPS na Sraithe Sinsearaí mar chuid de chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí

D'fhéach an comhairliúchán le tuairimí a mhealladh ó dhaoine maidir le hoiriúnacht agus ábharthacht dhréachtsonraíocht OSPS na Sraithe Sinsearaí do scoláirí atá rannpháirteach i gclár na hArdteistiméireachta Bunaithe (LCE) agus i gclár na hArdteistiméireachta Feidhmí (LCA). Cé nach gcuireann na scoileanna ar fad ar tugadh cuairt orthu mar chuid den chomhairliúchán clár na hArdteistiméireachta Feidhmí ar fáil, bhí na múinteoirí sna scoileanna ina gcuirtear an Ardteistiméireacht Fheidhmeach ar fáil i bhfabhar sonraíocht nuashonraithe OSPS, d'aon toil, a thabhairt isteach in áit Oideachais Shóisialta agus Shláinte 1 agus 2.

*Ó thaobh na hArdteistiméireachta Feidhmí de tá sé seo an-ábhartha agus tá i bhfad níos mó mionsonraí ann ná mar a bhí sa mhéid a rinne muid roimhe seo. Tá sé seo níos fearr. B'fhearr níos lú a dhéanamh ach é a dhéanamh ar bhealach níos mionsonraithe. Beidh sé seo oiriúnach do scoláirí na hArdteistiméireachta Feidhmí ... is ábhar é atá bainteach leis an méid ar mhaith leo labhairt faoi san Ardteistiméireacht Fheidhmeach ach ní fhaigheann siad an deis labhairt faoi i láthair na huaire. (Múinteoir, fócasghrúpa)*

*Tá mé 100% cinnte go bhféadfadh sé seo feidhmiú i dtaca le hOideachas Sóisialta na hArdteistiméireachta Feidhmí. Tá acmhainní na hArdteistiméireachta Feidhmí an-seanaimseartha. (Múinteoir, fócasghrúpa)*

## Aidhm agus réasúnaíocht

Bhí freagróirí a ghlac páirt sa chomhairliúchán trí na cruinnithe ar líne agus ar an láthair araon sásta ar an iomlán leis an aidhm agus leis an réasúnaíocht. Measadh go raibh an réasúnaíocht ina cuidiú chun luach OSPS a leagan amach mar chuid d'oideachas iomlánaíoch. Thrácht freagróirí go dearfach faoin dóigh a ndearnadh smaointe tábhachtacha a chothromú sa sprioc agus sa réasúnaíocht, lena n-airítear cothromaíocht idir an fhoghlaim don am i láthair agus an fhoghlaim don todhchaí, cumas gníomhúcháin a bheith agat/freagracht phearsanta a ghlacadh le tuiscint ar

thosca eile a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar do shláinte, d'fholláine agus do chaidrimh. Sna fócasghrúpaí thrácht múinteoirí go dearfach faoin mbealach a luíonn an sprioc agus an réasúnaíocht le chéile agus faoin mbealach a dtógann siad ar sprioc agus réasúnaíocht churaclam nuashonraithe OSPS na Sraithe Sóisearaí.

*Sílim gur sprioc mhaith í mar teagascann sí dúinn an dóigh chun a bheith maith mar dhaoine. (Suirbhé le scoláirí)*

*Bíonn rudaí ag athrú go tapa ar na saolta seo agus ba mhaith liom go mbeadh mo pháiste iomlán ar an eolas. (Suirbhé le tuismitheoirí)*

*Is féidir liom an nasc idir an tSraith Shóisearach agus ar an tSraith Shinsearach a fheiceáil nuair a léim an sprioc agus an réasúnaíocht. (Múinteoir, fócasghrúpa)*

Nuair a tharla cur i gcoinne, tháinig sé den chuid is mó ó fhreagróirí ar an suirbhé le tuismitheoirí ar líne; mheas cuid acu an sprioc agus an réasúnaíocht, agus go háirithe na tagairtí do *chomhbhá agus ionchuimsitheacht* a bheith ag cur faoi cheilt 'clár oibre folaigh' a bhfuil sé d'aidhm aige 'idé-eolaíocht inscne' a chur chun cinn, fad agus a mheas daoine eile go bhfuil OSPS contrártha dá luachanna nó dá gcreidimh, nó go ndearna sé forghabháil ar ról an tuismitheora mar phríomhoideoirí agus, mar sin, chuir siad in iúl an tuairim nár cheart go mbeadh OSPS ar an churaclam scoile.

*Seo ról an tuismitheora, ní ról an stáit. Dírigí ar an mata agus ar an innealtóireacht. (Suirbhé le tuismitheoirí)*

*Ní oideachas é idé-eolaíocht inscne a theagasc do pháistí. Tá foclaíocht bhur spriocanna sa ráiteas thuas an-mhíthreorach agus fealltach. (Suirbhé le tuismitheoirí)*

## Gnéithe trasghearrtha agus torthaí foghlama

Sa chomhairliúchán tacaíodh go láidir le struchtúr an churaclaim, de réir mar a leagtar amach é sa trí shnáithe agus sa trí ghné thrasghearrtha. Measadh na trí ghné thrasghearrtha a bheith ábhartha agus tábhachtach go mór mór don fhoghlaim in OSPS na meánscoile sinsearaí, agus gur léirigh siad an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus an meon tábhachtach atá de dhíth ar dhaoine óga agus iad ag bogadh i dtreo na haosachta.

Ar chuid de na saintréithe uileghabhálacha a bhain leis na torthaí foghlama bhí:

- Soiléireacht foghlama, solúbthacht a choinneáil chun freagairt do chomhthéacsanna aonair sa seomra ranga nó sa scoil.
- Tá níos lú torthaí foghlama ná mar atá i gCreat reatha OSPS na Sraithe Sinsearaí rud a cheadódh léiriú níos mionsonraithe ar thopaicí agus síneadh ar an bhfoghlaim.
- Tá an fhoghlaim scoláire-lárnaithe agus freagrach do riachtanais daoine óga mar atá léirithe trí thaighde agus comhairliúcháin a rinneadh le déanaí.
- Tá bunús dearfach leis an bhfoghlaim agus tá sé follasach gur cur chuige bunaithe ar láidreachtaí atá ann.

- Tá fócas láidir ar straitéisí praiticiúla ar féidir leo tacú le daoine óga le linn tréimhsí dúshlánacha, chomh maith le fócas ar cén áit, cá huair agus cén chaoi ar féidir cabhair, tacaíocht agus seirbhísí atá oiriúnach a aimsiú.
- Tá na luachanna atá mar bhonn faoi OSPS soiléir sna torthaí foghlama; go háirithe meas, comhionannas, freagracht, ionchuimsitheacht agus comhbhá.
- Tá nádúr comhtháite trasghearrtha na dtorthaí foghlama follasach sa trí ghné agus cuirtear fáilte roimhe sin.

### Snáithe 1: Sláinte agus Folláine

Snáithe 1 an snáithe is mó ar cuireadh fáilte roimhe thar na modhanna comhairliúcháin ar fad. Tacaíodh go forleathan leis an bhfócas faoi leith a bhí ann ar conas meabhairshláinte dhearfach a chothú, agus ar conas dúshlán mheabhairshláinte a aithint mar aon leis an mbealach ar cheart déileáil leo.

*A bhuí le comhairliúchán leitheadach CNCM maidir le soláthar OSPS na sraithe sinsearaí – go háirithe leis na daoine óga iad féin – tá creat ciallmhar ábhartha curaclaim againn anois inar féidir linn dul i ngleic leis na príomhshnáitheanna chun plé oiriúnach don fheidhm a fhí le chéile maidir le meabhairshláinte dhearfach i mblianta déanacha na ndéaga. (Aighneacht scríofa o eagraíocht)*

Agus an snáithe seo á phlé sna fócasghrúpaí, is minic gur thagair rannpháirtithe don tábhacht a bhaineann le tuiscint a bheith ag daoine óga ar nádúr idircheangailte na folláine, agus go sonrach ar an nasc idir an fholláine fhisiciúil agus an fholláine mhothúcháin. Cuireadh moladh chun cinn go ndéanfar athbhreithniú ar na torthaí foghlama sonracha sa snáithe seo agus é mar aidhm aige béim a chur ar nádúr iomlánaíoch na folláine. Moladh taobh istigh d'athbhreithniú den chineál sin, go ndéanfar tagairt shoiléir d'áisitheoirí na folláine mothúchánaí, nach bhfuil tagairt faoi leith déanta orthu sa dréacht, cuir i gcás, gníomhaíocht choirp, bia/cothú, caidrimh shóisialta, féiniómhá agus corpiómhá dhearfach, ceangal leis an dúlra agus spioradáltacht.

*Tá an mheabhairshláinte agus an tsláinte fhisiciúil chomh tábhachtach lena chéile i dtaca leis an tsláinte go ginearálta. I láthair na huair níl aon nasc follasach eatarthu sa Snáithe seo. Is féidir an tsláinte fhisiciúil tacú lena lán daoine óga déileáil lena bhfolláine mheabhrach agus féadann sí cur le slí mhaireachtála atá sláintiúil agus cothromaithe.*

(Aighneacht scríofa o eagraíocht)

Seo a leanas pointí aiseolais eile a cuireadh ar fáil lena meas agus an leagan deiridh den snáithe seo á dhéanamh:

- Luadh go minic gurbh fhiú tagairt fhollasach do na meáin shóisialta mar thoisc a théann i bhfeidhm ar an meabhairshláinte agus ar an bhfolláine mheabhrach a chur san áireamh.
- Tugadh le fios go bhféadfadh an ghluais tuilleadh sonraí a thabhairt maidir leis an bhfoghlaim atá in ainm is a bheith ann i gcuid de na torthaí foghlama (cuir i gcás, TF 1.9 – réimse de chineálacha andúile a bhféadfaí plé a dhéanamh orthu agus TF 1.10 cad iad na cásanna agus staideanna sóisialta a bhféadfaí plé a dhéanamh orthu).

## Snáithe 2: Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta

Ar an iomlán, dearbhaíodh an tábhacht a bhaineann leis an bhfoghlaim i snáithe 2 i gcaitheamh an chomhairliúcháin. D'aontaigh scoláirí, múinteoirí agus tuismitheoirí sna fócasghrúpaí go bhfuil na torthaí foghlama ar fad ábhartha agus de dhíth. Thaitin sé le múinteoirí agus le scoláirí nach raibh an snáithe seo ródhírithé ar ghnéithe bitheolaíocha na gnéasachta agus go raibh sé dírithe níos mó ar ghnéithe mothúcháin. Bhí cuid mhór rannpháirtithe sásta gur cuireadh cruth ar chaidrimh ghnéis mar nithe atá dearfach, measúil, agus pléisiúrtha don dá pháirtí. Cuireadh fáilte an-mhór sna cruinnithe comhairliúcháin roimh an nóta a mhol dearcadh LGTBQ+ a chur san áireamh tríd an bhfoghlaim, cé gur chuir roinnt freagróirí ar líne ina éadan.

Seo a leanas pointí cáinteacha aiseolais a cuireadh ar fáil lena meas:

- Bhí roinnt de rannpháirtithe an chomhairliúcháin míshásta le Snáithe 2 toisc go bhfuil siad den tuairim go mbeadh normalú déanta ar ghníomhaíocht ghnéasach i measc daoine óga dá bharr.
- Luadh nach raibh aon tagairt ann don phósadh, do dhlúthchaidrimh thiomanta ná do luachanna amhail an gheanmnaíocht.
- Moladh gur cheart go mbeadh béim níos láidre curtha ar chaidrimh theaghlaigh agus ar chaidrimh nach caidrimh rómánsúla iad.
- Mhol roinnt rannpháirtithe gur cheart féachaint ar thoradh foghlama ar leith a dhéanamh don toiliú gnéasach nó de rogha air sin gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na torthaí foghlama atá ann faoi láthair lena chinntiú go mbíonn béim níos mó ar oideachas maidir le toiliú.
- I dtaca le deacrachtaí caidrimh, cuireadh fáilte roimh an mbéim a cuireadh ar iompar a chuireann lorg cabhrach agus feasacht ar sheirbhísí tacaíochta chun cinn agus bhí roinnt freagróirí ag iarraidh go gcuirfí béim níos mó arís air seo (mar shampla, luaigh scoláirí an gá le feasacht ar na tacaíochtaí do dhaoine a bhféadfadh imní a bheith orthu maidir le andúil sa phornagrafaíocht).
- Maidir le torthaí foghlama a théann i ngleic le caidrimh mhí-úsáide agus fhoréigneacha, tugadh le fios gur cheart an bhéim a leathnú amach le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe (DSGBV) a chur san áireamh seachas foréigean inscnebhunaithe (GBV). Is minic a d'aontaigh scoláirí sna fócasghrúpaí maidir leis an ngá le plé ar fhoréigean baile agus caidrimh theaghlaigh mhí-úsáide, nó 'ag an aois ina bhfuil muid, is é an cineál foréigin is mó is dóichí go dtarlódh sé dúinn anois' (Scoláire, fócasghrúpa). Ar deireadh, nuair a bhí trácht á dhéanamh ar na torthaí foghlama maidir le DSGBV, luadh nach raibh tagairt déanta do na cosaintí faoin dlí, agus an tábhacht a bhaineann le haird a tharraingt ar na seirbhísí, tacaíochtaí agus straitéisí atá ar fáil.
- Cuireadh moltaí isteach mar chuid den chomhairliúchán le LO 2.9 a leathnú amach (a thugann faoi shláinte ghnéis) and cruth níos dearfaí a chur air.

### Snáithe 3: Teacht in Inmhe

Glacadh go maith leis go raibh snáithe á bhunú ar eolas, scileanna, meon agus luachanna a bhfuil tábhacht ar leith leo agus scoláirí ag athrú i dtreo na haosachta, agus fuarthas aiseolas dearfach ina thaobh sa chuid is mó de na modhanna comhairliúcháin. Thaitin sé le scoláirí gur aithníodh anois iad mar dhaoine fásta agus d'aontaigh siad go bhfuil na torthaí foghlama i Snáithe 3 úsáideach mar go bhfuil féidearthacht ann leo daoine a ullmhú don aistriú ón timpeallacht scoile agus baile. Sna fócasghrúpaí, d'aontaigh tuismitheoirí agus múinteoirí go bhfuil sé tábhachtach na gnéithe dearfacha a bhaineann leis an aosacht a dhearbhu chomh maith leis an méadú ar fhreagrachtaí a bhaineann leis an am seo ina saol agus an méadú ar na rudaí a mbíonn daoine ag súil leo.

*Táim an-sásta leis an mbéim atá á cur ar an aistriú i dtreo na haosachta - tá gá ann do dhaoine sa óg bliain go háirithe amharc ar an gcéad chéim eile sa saol. (Múinteoir, fócasghrúpa)*

Seo a leanas na príomhphointí a bhain leis an aiseolas cáinteach a fuarthas maidir leis an snáithe seo:

- Fuarthas aiseolas an-dearfach maidir leis an gcur chuige scileanna-bhunaithe atá mar bhonn faoin snáithe seo mar aon leis an mbéim a cuireadh ar straitéisí a fhorbairt. Bhí roinnt daoine ag iarraidh go ndéanfaí leathnú amach air seo agus scileanna breise saoil a chur san áireamh, amhail scileanna airgeadais (buiséadú, sábháil airgid, cáin, morgáistí agus iasachtaí), cearta tomhaltóirí, cócaireacht agus pleanáil béile, agus an dóigh le clárú chun vóta a chaitheamh agus an dóigh le cur isteach ar phas nó ceadúnas tiomána agus níos mó. Mar sin féin, admhaíodh nárbh fhéidir le OSPS seo ar fad a dhéanamh agus go bhféadfadh dul i ngleic le cuid mhór de na topaicí seo mar chuid d'ábhair eile agus taobh istigh den Idirbhliain.
- I measc grúpaí scoláirí, tuismitheoirí agus múinteoirí, ba mhinic a cuireadh an moladh chun cinn go gcuirfí toradh foghlama san áireamh a bhaineann le do bhealach féin a dhéanamh, le do chinntí féin a dhéanamh, lena bheith muiníneach ionat féin mar dhuine agus gan an slua a leanúint, agus *'bealaí chun labhairt le daoine atá ag cur brú ort'*. (Fócasghrúpa na scoláirí)
- Chothaigh an tagairt do scileanna a bhaineann le comhghuaillíocht (*allyship*) sa dréachtsonraíocht (Toradh Foghlama 3.6) roinnt tráchttaireachta cáintí ar líne agus sna haighneachtaí scríofa, cé gur spreag sé seo i bhfad níos lú plé sna cruinnithe fócasghrúpa. Chun soiléireacht a sholáthar agus míthuiscint a sheachaint, b'fhiú tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an téarmaíocht a úsáideadh sa toradh foghlama seo.
- Maidir le teagasc faoi bhealaí chun níos mó cothromais agus cuimsithe a chruthú (TFanna 3.5 agus 3.6), bhí cuid de rannpháirtithe an chomhairliúcháin ag iarraidh go mbeadh fócas soiléir ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus tagairt shonrach do dhaoine a mbíonn taithí acu ar neamhionannas/idirdhealú, mar shampla, mar gheall ar a míchumas, a n-eitneacht, a stádas imirceach, a bhféiniúlacht ghnéis nó inscne.

- Luadh freisin go bhféadfadh an ghluais tuilleadh soiléirithe a chur ar fáil maidir leis an scóip atá le cuid de na torthaí foghlama taobh istigh de Shnáithe 3.

Déanfaidh aiseolas agus moltaí atá bainteach leis an trí shnáithe eolas don obair chun an tsonraíocht a thabhairt chun críche.

## Measúnú

Mar a tuairiscíodh roimhe seo,<sup>1</sup> is gnách go mbíonn éagsúlacht tuairimí ann agus measúnú foirmiúil OSPS faoi chaibidil. Bhí éagsúlacht tuairimí den saghas céanna le tabhairt faoi deara le linn an chomhairliúcháin seo; chaith roinnt de na rannpháirtithe amhras ar an oiriúnacht a bheadh le foirm ar bith de mheasúnú i dtaca le hábhar atá dírithe ar fholláine an scoláire, agus bhí rannpháirtithe eile ag ceistiú cad é mar a d'fhéadfaí tuilleadh struis a sheachaint agus scrúdú breise nó gné mheasúnaithe bhreise le déanamh ag scoláirí Ardteistiméireachta, scoláirí atá faoi bhrú cheana féin. Sin ráite, dhírigh rannpháirtithe eile aird ar na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith le foirm éigin de mheasúnú; mar shampla, go dtabharfadh sé deis don scoláire a fhoghlaim a léiriú ina rogha ábhair agus athrú i stádas an ábhair a chruthú, rud a spreagfadh scoileanna le bheith níos dáiríre faoin ábhar. Ní raibh fonn ar bith ann scrúdú ceann cúrsa a thabhairt isteach go raibh rannpháirtithe dearfach le linn na bpléití le scoláirí agus múinteoirí, i leith modh éigin de mheasúnú foirmiúil, fad is a bheadh sé inbhainistithe, fiúntach, sultmhar, agus curtha ar siúl le linn am ranga. D'aontaigh siad freisin nach mór do mheasúnú ar OSPS na Sraithe Sinsearaí rogha a sholáthar agus a bheith faoi threoír na scoláirí.

*Táim go láidir in éadan cineál ar bith de mheasúnú foirmiúil, agus roinnt cineálacha measúnuithe neamhfhoirmiúla in OSPS. Ba é an t-ábhar seo an ghné is lú den tSraith Shinsearach inar mhothaigh scoláirí strus riamh anall, ní féidir linn agus níor cheart dúinn seo a athrú. (Suirbhé na múinteoirí)*

*Sílím go bhfuil sé tábhachtach nach bpléitear le OSPS ar an mbealach céanna a bpléitear le hábhair acadúla – ní bheadh de thoradh ar scrúduithe deireadh téarma ach údar nua struis gan chúis a thabhairt don scoláirí, go háirithe scoláirí atá ag staidéar i gcomhair a scrúduithe Ardteiste, agus iad faoi bhrú mór cheana féin. Rogha i bhfad níos fearr a bheadh ann, cur chuige nach bhfuil chomh dúshlánach céanna a bheith ann amhail obair thionscadail agus machnamh (gan mharcáil, go hidéalach). (Suirbhé le scoláirí)*

*Tá sé tábhachtach go bhfaighidh siad (na múinteoirí) amach cad é tá an scoláire ag fáil as. (Fócasghrúpa na scoláirí)*

*Ba cheart go mbeadh rogha an scoláire ina gné ollmhór de. (Fócasghrúpa na scoláirí)*

Tugadh réimse de mholtaí sa chomhairliúchán maidir leis an dóigh a bhféadfadh an scoláire léiriú a thabhairt ar a fhoghlaim, lena n-áirítear tionscadail, punanna, cuir i láthair póstaer, cuir i láthair bunaithe ar an teicneolaíocht, piartheagasc/cuir i láthair piara, measúnú béil agus cás-staidéir nó measúnú bunaithe ar chás. Chuir roinnt múinteoirí agus scoláirí béim ar an tábhacht a bhainfeadh le gné mhachnaimh ó scoláirí a bheith mar chuid den mheasúnú agus mhol daoine eile gur cheart

---

<sup>1</sup> Tuarascáil Chomhairliúcháin maidir leis an gCáipéis Eolais agus Treoir don Athbhreithniú ar OSPS na Sraithe Sóisearaí, CNM, 2022 agus Tuarascáil ar an gComhairliúchán ar Dhréachtchuraclam OSPS na Sraithe Sóisearaí, CNM, 2023

go ndéanfadh an measúnú an scoláire a chumasú le bheith ag cur in iúl an dóigh a mbaineann an fhoghlaim lena shaol. An deis a thabhairt chun machnamh a dhéanamh ar conas an fhoghlaim ón OSPS a chur i bhfeidhm, sin rud a measadh a bheith tábhachtach agus gá a bheith ann lena thabhairt isteach ar fud na ngníomhaíochtaí teagaisc, foghlama agus measúnaithe ar fad.

*Ní mór níos mó fócais a bheith ar an bhféinfheasacht agus machnamh agus ar an dóigh leis an bhfoghlaim a chur i bhfeidhm – ní díreach amhail agus gur le duine éigin eile a bhaineann sé seo ar fad. Cuid mhór den am ní dhéanann daoine é a chur i bhfeidhm orthu féin. (Fócasghrúpa na scoláirí)*

*Ba cheart gur meascán idir tasc agus píosa machnaimh a bheadh sa mharc deiridh. (Fócasghrúpa na múinteoirí)*

*Measúnú foirmitheach – ba cheart go mbeadh an fócas air seo – a bheith ag foghlaim cad é atá i ndiaidh tuirlingt agus cad iad na bearnaí san fhoghlaim. (Fócasghrúpa na múinteoirí)*

*Bheadh sé deas labhairt le daoine eile faoinar foghlaimíodh agus faoi thuairimí. Is féidir le cara cabhrú leat rudaí a thuiscint, i bplé beag grúpa faoi mhachnamh scríofa, mar shampla. D'fhéadfadh an múinteoir a bheith ag éisteach leis. (Fócasghrúpa na scoláirí)*

Rinneadh deimhniú ar ábharthacht na dréachtsonraíochta don scoláire a rachadh i mbun na hArdteistiméireachta Feidhmí agus na hArdteistiméireachta Bunaithe araon trí chruinnithe comhairliúcháin, agus chonacthas do roinnt múinteoirí a theagasc Oideachas Sóisialta agus Sláinte na hArdteistiméireachta Feidhmí go mbeadh deis ann measúnú na hArdteistiméireachta Feidhmí a nuashonrú mar gheall ar an aistriú chuig an gcuraclam OSPS nuashonraithe. Go sonrach, mhol siad Oideachas Sóisialta agus Sláinte a bhaint den scrúdú ceann cúrsa le hailíniú níos fearr a chruthú idir an measúnú agus an fhoghlaim. D'fhéach siad freisin ar churaclam coitianta a thabhairt isteach don OSPS ar fud na sraithe sinsearaí mar dheis chun athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar Príomhthascanna na hArdteistiméireachta Feidhmí a bhfuil fócas measartha cúng acu i láthair na huaire.

*Aontaím maidir leis an gcuid seo den Oideachas Sóisialta a bhaint de pháipéar scrúdaithe Choimisiún na Scrúduithe Stáit. Bheadh sé níos fearr dá mba rud é nach mbeadh sé dírithe ar scrúdú. Ní shílím go bhfuil gá le scrúdú don chúrsa seo, ní thiocfadh sé leis an teagasc ná leis an bhfoghlaim. (Fócasghrúpa na múinteoirí)*

*Ba cheart go mbeadh an príomhthasc chomh leathan agus is féidir chun go gcuirfeadh sé gach foghlaimeoir san áireamh agus an neamhspleáchas acu rogha a dhéanamh ar cad é atá le cur i láthair agus cén dóigh a gcuirfeadh i láthair é. ...Bheadh roinnt teorach ag teastáil.*

*(Fócasghrúpa na múinteoirí)*

Beidh breac-chuntas leathan ann ar an measúnú sa tsonraíocht dheireanach, agus déanfar treoir níos mionsonraithe maidir le measúnú agus tuairisciú do OSPS na Sraithe Sinsearaí a eisiúint i ndiaidh don tsonraíocht a bheith foilsithe.



## Cuid a Trí: Réimsí aiseolais eile

*D'fhéadfadh an tsonraíocht mar aon le bearta oiriúnacha feidhmithe, tacaíocht thar a bheith luachmhar a chur ar fáil do dhaoine óga fásta agus a mbealach á dhéanamh acu trí bhlianta déanacha na ndéaga.*

(Aighneacht scríofa o eagraíocht)

Tharraing cuid mhór rannpháirtithe comhairliúcháin ceisteanna maidir le tacaíochtaí atá de dhíth chun feidhmiú éifeachtach ar OSPS na Sraithe Sinsearaí a chumasú ar fud na scoileanna ar fad. Ar na ceisteanna a tarraingíodh bhí: *Cén fhorbairt ghairmiúil agus tacaíochtaí eile a chuirfear ar fáil chun cumas agus muinín múinteoirí a fhorbairt chun an curaclam seo a theagasc?; Cad é an tréimhse ama agus plean chun tacaíochtaí den sórt seo a sholáthar?; An mbeidh fáil ar acmhainní ar ardchaighdeán don seomra ranga chun tacú leis an teagasc, foghlaim, agus measúnú in OSPS na Sraithe Sinsearaí agus an ndéanfar iad seo a fhoilsiú ag an am céanna leis na hamlínte feidhmithe?*

Imní i measc rannpháirtithe comhairliúcháin faoi chumas feidhmithe is cúis le ceisteanna den saghas sin. Tarraingíodh anuas ábhair imní faoi leith i dtaca leis an líon beag múinteoirí OSPS a bhfuil an oiliúint chuí orthu agus a bheadh réidh chun sonraíocht na sraithe sinsearaí a theagasc ina hiomláine agus mar a bhí beartaithe, agus feacht ar iarmhairtí féideartha neamhbheartaithe a d'fhéadfadh tarlú dá mba rud é nach ndéanfaí topaicí atá san áireamh sa tsonraíocht a éascú go sciliúil agus go tuisceanach le daoine óga.

*Is cinnte gur cúrsa fiúntach é...is fiú múinteoir oilte é! (Fócasghrúpa na scoláirí)*

*Is mór an fiontar é iarraidh ar mhúinteoirí comhráite OSPS a láimhseáil agus gan na scileanna foirmiúla acu le tabhairt faoi. (Imeacht comhairliúcháin páirtithe leasmhara)*

Tarraingíodh aird ar bhealach an-láidir ar na coinníollacha atá ag teastáil le tacú le feidhmiú éifeachtach ar OSPS i ngach modh comhairliúcháin agus go háirithe laistigh de na haighneachtaí scríofa ó ghrúpaí a dhéanann ionadaíocht ar mhúinteoirí agus ceannairí scoile. Aithnítear forbairt ghairmiúil an mhúinteora mar an príomhéascaitheoir i dtaca le cur i bhfeidhm rathúil OSPS, mar aon le hacmhainní teagaisc ar ardchaighdeán atá ag teacht leis an gcuraclam. Tarraingíodh aird ar an ngá le heolas cruinn agus fíor-rannpháirtíocht le tuismitheoirí/caomhnóirí, chomh maith le cumarsáid le ceannairí scoile. Mhol roinnt grúpaí ranganna níos lú chun éascú a dhéanamh ar an gcineál oideolaíochta atá de dhíth le haghaidh OSPS. Rinneadh tagairt do thoil leanúnach pholaitiúil mar rud tábhachtach chun fíis an churaclaim nuashonraithe OSPS a bhaint amach ar fud oideachas na hÉireann.

*Tá an oiread is féidir spriocanna ard-leibhéil an chúrsa a bhaint amach ag bráth ar thacar de thosca atá lasmuigh de scóip na sonraíochta ...Beidh gá ann le tosaíocht a thabhairt dár gceannairí scoile ó thaobh cumarsáide, comhairliúcháin, agus roinnt dea-chleachtais de, má tá an bhearna seo le líonadh. Ní tharlóidh sé seo ach amháin sa chás is go mbíonn sé struchtúrtha le plean feidhmithe agus le hinfheistíocht ón Roinn Oideachais thar ceann an stáit, ós rud é gur mar thosaíocht náisiúnta atá an réimse seo oideachais anois aitheanta. (Aighneacht scríofa, o eagraíocht)*

*Beidh ar an tsonraíocht ról tuismitheoirí a fhoráil, ar bhealach praiticiúil, mar phríomhoideoirí a bpáistí, agus meas a bheith aici air. (Aighneacht scríofa, o eagraíocht)*

Áiríodh i measc na réimsí breise aiseolais, an gá le treoirlínte nuashonraithe do bheartais scoile OSPS agus OCG agus an tábhacht le hathbhreithniú rialta tréimhsiúil agus nuashonrú ar an gcuraclam OSPS lena chinntiú go mbíonn sé fós ábhartha do riachtanais an scoláire.

## Conclúid agus na chéad chéimeanna eile

---

Chothaigh an comhairliúchán maidir le Dréachtsonraíocht Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte (OSPS) na Sraithe Sínearaí plé luachmhar agus fuarthas aiseolas úsáideach agus tuisceanach ón iomad peirspictíochtaí. Caithfear aitheantas a thabhairt do leibhéal rannpháirtíochta na ndaoine a ghlac páirt sa chomhairliúchán. I dtaca leis an aiseolas a fuarthas, bhí sé oscailte, macánta, tiomanta, saineolach agus bunaithe ar thaithí.

Ba mhaith le CNCM buíochas a ghabháil le gach duine a ghlac páirt sna fócasghrúpaí, a chomhlánaigh an suirbhé ar líne, nó a scríobh aighneacht. Ar a bharr sin, tá CNCM buíoch de na ceannairí scoile a d'eagraigh na cruinnithe tuismitheoirí agus a d'éascaigh múinteoirí ó thaobh páirt a ghlacadh in imeachtaí fócasghrúpaí agus díobh siúd ar fad a thacaigh le rannpháirtíocht scoláirí sa chomhairliúchán.

D'ainneoin roinnt cáinte, léiríonn torthaí an chomhairliúcháin go bhfuil tacaíocht láidir ann do shonraíocht OSPS na Sraithe Sínearaí a thabhairt isteach mar chomhpháirt laistigh de chlár na hArdteistiméireachta.

Tugadh léargas sa tuarascáil seo ar na tuairimí agus dearcthaí a léiríodh le linn an phróisis chomhairliúcháin. Déanfaidh na torthaí a léirítear sa tuarascáil seo agus moltaí sonracha i dtaca le leasuithe chun cur le neart na sonraíochta, déanfaidh siad eolas don obair chun an tsonraíocht a thabhairt chun críche.

Tugtar breac-chuntas thíos ar na chéad chéimeanna eile:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar dhréachtsonraíocht OSPS i bhfianaise thorthaí an chomhairliúcháin agus na leasuithe deiridh a dhéanamh.
- An tsonraíocht dheireanach a chur i láthair don Aire Oideachais lena faomhadh.
- Comhoibriú le comhpháirtithe san oideachas i dtaca le FGL agus tacaíochtaí eile a phleanáil.

## Aguisín A: Eagraíochtaí a raibh ionadaíocht acu ag imeacht comhairliúcháin

---

Seo a leanas liosta de na heagraíochtaí a raibh ionadaíocht acu ag imeacht comhairliúcháin do pháirtithe leasmhara

Toiliú Gníomhach, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh  
Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha  
Cumann na nIonad Oideachais  
Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire (ASTI)  
BeLongTo  
Bodywhys  
Comhpháirtíocht Oideachais Chaitlicigh  
An Chomhghuaillíocht um Chearta Leanáí  
An Chomhairle um Chaiticeasmaic, Oideachas (Comhdháil Easpag Éireann)  
Tionscadal Oideachais um Thoilíú, Seirbhísí maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe, TUSLA  
Comhairle na nÓg  
Lárionad Sláinte Gnéis Chorcaí  
An tIonad Éigeandála um Éigniú, Baile Átha Cliath  
Ag Foghlaim le Chéile  
ETBI  
Foróige  
Rannóg Sláinte agus Folláine FSS  
Clár Sláinte Ghnéis agus Toirchis Géarchéime  
Foras Croí na hÉireann  
Aontas na Mac Léinn Iarbhunscoile  
Comhchoiste na mBainisteoirí (JMB)  
Cúnamh d'Fhir  
Bord um Oideachas Bunscoile Moslamach  
Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí (NAPD)  
Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta  
An Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí  
Comhairle Náisiúnta na mBan in Éirinn (CNBÉ)  
OIDE  
Pavee Point  
Líonra Éigeandála na hÉireann um Éigniú (*Rape Crisis Network Ireland*)  
Scoil an Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath  
Scoil an Oideachais, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath  
ShoutOut  
Aontas Múinteoirí Éireann  
Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne  
Aontas na Mac Léinn in Éirinn  
WISER West of Ireland Sexuality Resource  
Cúnamh do Mhná  
Obair d'Ógra Éireann



## Aguisín B: Eagraíochtaí a chuir isteach aighneachtaí i scríbhinn agus ar mhian leo a bheith luaite

---

Cumann Phátrúin agus Iontaobhaithe na Scoileanna Caitliceacha (APTCS)  
Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire (ASTI)  
Belong To - LGBTQ+ Youth Ireland  
Bodywhys - Cumann Neamhoird Itheacháin na hÉireann  
Comhpháirtíocht Oideachais Chaitlicigh  
Comhairle na nÓg  
Concern Muslim Group of Ireland  
Tionscadal Oideachais um Thoiliú, Seirbhísí maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe, TUSLA  
Comhdháil Easpag na hÉireann  
Comhairle um Stádas an Teaghlaigh  
Cumann Tuismitheoirí na Meánscoileanna Caitliceacha (CSSPA)  
Ag Bréagnú na Miotas: An Eolaíocht Taobh thiar dár Sláinte Ghnéis  
ECO-UNESCO  
Ag Foghlaim le Chéile  
Cumann Inmheatróise na hÉireann (EAI)  
Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ)  
Dlúthpháirtíocht Teaghlaigh  
Foróige  
Sláinte agus Folláine FSS  
Cumann Forbartha Oideachas na hÉireann (IDEA)  
Institiúid Oileán Í  
Irish Education Alliance  
Institiúid Scannán na hÉireann  
Foras Croí na hÉireann  
Irish Women's Lobby  
Aontas Scoláirí Iar-bhunscoile na hÉireann (ISSU)  
Jigsaw, an Lárionad Náisiúnta um Meabhairshláinte an Aosa Óig  
Comhchoiste na mBainisteoirí (JMB)/Cumann Bainisteoirí na Meánscoileanna Caitliceacha  
Cúnamh d'Fhir  
Líonra Forbartha na bhFear, an tIonad Náisiúnta um Shláinte na bhFear  
Men's Voices Ireland  
Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí  
Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse FSS  
Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Torthaí suirbhé ó 645 tuismitheoirí a cuireadh isteach)  
Comhairle Náisiúnta na mBan in Éirinn (CNBÉ)  
Natural Women's Council  
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS)  
Oide  
An Chomhghuaillíocht um Chearta Tuismitheoirí

Patients for Patient Safety Ireland (PfPSI)

Feasacht ar Ubhagáin Pholaichisteacha

An Feachtas ar son na Beatha

Project One Sky

Líonra Éigeandála na hÉireann um Éigniú (Rape Crisis Network Ireland)

Bord Bainistíochta, Scoil Pháirc Shruth na gCloch

Scoil an Oideachais, Ollscoil na Gaillimhe

ShoutOut

Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne (TENI)

Tionscadal Shona

The Countess Advocacy CLG

Aontas Múinteoirí Éireann (TUI)

Líonra Ubuntu

Webwise

Cúnamh do Mhná

World Wise Global Schools

Obair d'Ógra Éireann



## Aguisín C: Daoine aonair a chuir aighneachtaí i scríbhinn isteach agus ar mhian leo a bheith luaite

---

Alan Donegan  
Anna Annaloz  
Anne Harbison  
Bernard Voortman  
Brad Allen  
Brian Ó Raghallaigh  
Darina Allen agus Karen O'Donohoe  
David Maloney  
David McWilliams  
Declan Shaw  
Dualta Rougneed  
Edel Cullen  
Emily Pankhurst  
Emily Vogler  
Eavan Dempsey  
Evana Boyle  
Geoff Briggs  
George Frisby  
Gerry Kingston  
Gráinne Burke  
Gráinne Smith  
Jana Lunden  
Jane Holland  
Jean Bryan Loftus  
Jerry Mellerick  
Joe Keegan  
John Melvin  
Joseph Keogh  
Lazarus Ember  
Liam Coughlan  
Lidia Ryan  
Lorraine Doyle  
Lynda Kennedy  
Mary Creedon  
Mary Fitzgibbon  
Maureen Sherlock  
Michelle Kerrigan  
Mona Fortune  
Pat Keating  
Patrick Scully



Peter Carvill

Rónán Ó'Cóigligh

Sandra O'Connor

Sarah Thompson

Sean Sloan

Sue Norton

Teresa McCabe


Thomas Smith

Tonya Pell

Valerie Brooks-Healy

Vincent Nolan





**NCCA**

An Chomhairle Náisiúnta  
Curraíom agus Measúnachta  
National Council for  
Curriculum and Assessment